



An Bhruiséil, 29 Feabhra 2024
(OR. en)

7102/24

**Comhad Idirinstiúideach:
2024/0056(BUD)**

FIN 203

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Feabhra 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 80 final
Ábhar:	Togra le haghaidh DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh. 1 A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2024 Leasuithe ar bhuiséad 2024 mar gheall ar athscrúdú CAI

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 80 final.

Faoi iamh: COM(2024) 80 final



An Bhruiséal, 29.2.2024
COM(2024) 80 final

2024/0056 (BUD)

Togra le haghaidh

**DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh. 1
A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2024**

Leasuithe ar bhuiséad 2024 mar gheall ar athscrúdú CAI

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

- an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,
- Tháinig Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh¹ i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,
- Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027², arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 28 Feabhra 2024, a bhfuil feidhm aige le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh³,
- Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (...)⁴, agus go háirithe Airteagal 44 de,
- buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, a glacadh an 22 Samhain 2023⁵,

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad 2024 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III féin le fáil ar EUR-Lex (<https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm>).

¹ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

² Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11.

³ Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, IO L 2024/765, 29.02.2024.

⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018.

⁵ IO L 2024/207, 22.2.2024.

Clár

1.	RÉAMHRÁ.....	3
2.	COIGEARTUITHE A EASCRAÍONN AS ATHBHREITHNIÚ CAI.....	4
2.1	AN TSAORÁID DON ÚCRÁIN	4
2.2	AN CISTE EORPACH COSANTA FAOI CHUIMSIÚ AN ARDÁIN UM THEICNEOLAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA DON EORAIP.....	4
2.3	AN CÚLCHISTE EORPACH UM DHLÚTHPHÁIRTÍOCHT AGUS AN CÚLCHISTE UM CHABHAIR ÉIGEANDÁLA	5
2.4	SAORÁID ATHCHÓIRITHE AGUS FÁIS DO NA BALCÁIN THIAR	6
2.5	AN CISTE EORPACH UM CHOIGEARTÚ DON DOMHANDÚ	6
3.	COIGEARTUITHE A EASCRAÍONN AS AN GCOMHAONTÚ POLAITIÚIL MAIDIR LEIS AN NGNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA (OIFIG IS).....	7
4.	MAOINIÚ	8
5.	TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI	9

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. RÉAMHRÁ

Is é is cuspóir do Dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 1 le haghaidh na bliana 2024 (DBL 1) na hathruithe is gá a thabhairt isteach ar bhuiséad 2024 a eascraíonn as an athscrúdú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

Tá feidhm chúlghabhálach ag athscrúdú CAI ón 1 Eanáir 2024 agus áirítear ann leasuithe *inter alia* ar uasteorainneacha CAI a cuireadh in iúl sa choigeartú teicniúil nuashonraithe ar CAI le haghaidh 2024 i bhfoirm Teachtaireacht ón gCoimisiún a glacadh an 29 Feabhra 2024⁶, mar a fhoráiltear in Airteagal 4(1) de Rialachán CAI.

Chun tionchar athscrúdú CAI ar bhliain airgeadais 2024 a léiriú, cumhdaítear na heilimintí seo a leanas le DBL 1:

- Ainmníocht bhuiséadach agus barúlacha a chruthú chun freastal ar **an tSaoráid don Úcráin**⁷, agus leas a bhaint as an ionstraim speisialta nua, Cúlchiste na hÚcráine, le méid atá cothrom le EUR 4.8 billiún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus EUR 3.8 billiún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh tacaíocht ón Aontas seachas i bhfoirm iasachtaí, lena n-áirítear tacaíocht riaracháin, i gcomhréir le Rialachán CAI;
- Atreisiú an **Chiste Eorpaigh Cosanta** faoi chuimsiú **an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)**⁸ le EUR 376 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;
- Coigeartú ar an ainmníocht bhuiséadach chun an **Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála** a roinnt ina dhá ionstraim ar leith agus chun méideanna gach ionstraim a mhéadú;
- Ainmníocht bhuiséadach agus barúlacha a chruthú chun freastal ar **an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar**, le suim EUR 501 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais i gcúlchiste agus EUR 23.9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, i gcúlchiste go dtí go nglacfar an bunús dlí;
- Laghdú EUR 175.7 milliún in 2024 ar leibhéal leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí an chúlchiste le haghaidh **an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibríthe Iomarcacha** (CED).

Anuas air sin, áirítear in DBL 1 coigeartú ar bharúlacha buiséid na líne buiséid le haghaidh chaiteachas tacaíochta an Chláir don Eoraip Dhigiteach tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air i mí na Nollag 2023 maidir le bunú **Oifig na hIntleachta Saorga**.

Ar an iomlán, is é tionchar glan DBL 1 ar mhéideanna caiteachais méadú EUR 5 833.7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus méadú EUR 4 143.6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

⁶ COM(2024) 110 final

⁷ Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear Saoráid na hÚcráine, IO L, 2024/792, 29.02.2024.

⁸ Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán Teicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialachán (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241, IO L, 2024/795, 29.02.2024.

2. COIGEARTUITHE A EASCRAÍONN AS ATHBHREITHNIÚ CAI

2.1 AN TSAORÁID DON ÚCRÁIN

Leis an Rialachán athbhreithnithe maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, cruthaítear ionstraim speisialta nua — Cúlchiste na hÚcráine — le haghaidh na tréimhse 2024-2027 chun an tSaoráid nua don Úcráin a mhaoiniú agus chun na críche sin amháin. Is é is aidhm do Shaoráid nua na hÚcráine tacú le hiarrachtaí na hÚcráine cobhsaíocht mhacra-airgeadais a chothú, tacú leis an atógáil chomh maith leis an tír a nuachóiriú agus athchóirithe tábhachtacha á gcur chun feidhme ar a haistear i dtreo aontachas leis an Aontas an tráth céanna. Tá an tSaoráid ceaptha mar ionstraim sholúbtha, atá curtha in oiriúint do na dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe a bhaineann le tacú le tír le linn cogaidh, agus intuarthacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcistí a áirithiú.

Dá bhrí sin, tá molta ag an gCoimisiún na coigeartuithe is gá a dhéanamh ar an ainmníocht bhuiséadach agus ar bharúlacha buiséadacha agus mhol sé an tsaoráid don Úcráin a shlógadh sa DBL seo. Áirítear leis sin ocht líne bhuiséid nua a chruthú a leagtar amach na barúlacha comhfhreagracha buiséid ina leith san iarscríbhinn bhuiséadach. Tá beartaithe suim EUR 4 767.5 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus EUR 3 754.8 milliún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a shlógadh. As an méid sin, tá sé beartaithe EUR 38.6 milliún a úsáid le haghaidh caiteachas tacaíochta teicniúla agus riaracháin, a úsáidfear freisin chun pearsanra seachtrach a mhaoiniú, i gcomhréir leis an ráiteas airgeadais reachtach comhfhreagrach.

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
<i>Roinn III – An Coimisiún</i>			
16 01 06	Caiteachas Tacaíochta do Shaoráid na hÚcráine	38 612 000	38 612 000
16 04 06	An tSaoráid don Úcráin	p.m.	p.m.
16 06 01	Colún I: Plean na hÚcráine	3 000 000 000	3 000 000 000
16 06 02 01	Soláthar don Chiste don Soláthar Coiteann	819 000 000	200 000 000
16 06 02 02	Gníomhaíochtaí eile faoi Chreat Infheistíochta na hÚcráine	527 065 000	210 826 000
16 06 03 01	Cúnamh aontachais an Aontais agus bearta eile	155 000 000	77 500 000
16 06 03 02	Fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta	195 333 904	195 333 904
16 06 03 03	Soláthar don Chiste don Soláthar Coiteann - Iarmhairt	32 533 128	32 533 128
Iomlán		4 767 544 032	3 754 805 032

2.2 An Ciste Eorpach Cosanta faoi chuimsiú an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip

Chun borradh a chur faoin acmhainneacht infheistíochta cosanta lena rannchuidítear le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, áirítear san athscrúdú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil méadú EUR 1.5 billiún don chuid eile de CAI, ina moltar méadú EUR 376 mhiliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in 2024, arna roinnt idir an dá shraith den chlár (i.e. taighde ar chosaint, agus forbairt acmhainneachta) i gcomhréir leis an leasú reachtach a chuirtear i láthair sa togra le haghaidh Rialachán STEP⁹. I bhfianaise an chur chun feidhme bhuiséadaigh mheasta, níl aon ghá le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí breise in 2024.

EUR

⁹ COM(2023) 335 final

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
<i>Roinn III – An Coimisiún</i>			
13 02 01	Forbairt cumais	250 667 000	p.m.
13 03 01	Taighde ar Chosaint	125 333 000	p.m.
Iomlán		376 000 000	p.m.

2.3 AN CÚLCHISTE EORPACH UM DHLÚTHPHÁIRTÍOCHT AGUS AN CÚLCHISTE UM CHABHAIR ÉIGEANDÁLA

Tar éis an athscrúdaithe ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus i bhfianaise an méadú atá tagtha ar líon na dtubaistí nádúrtha agus na ngéarchéimeanna daonnúla agus chun tosaíochtaí iomaíocha a sheachaint, roinneadh an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála ina dhá ionstraim ar leith go cúlghabhálach ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, an Cúlchiste Dhlúthpháirtíochta Eorpach (ESR) agus an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála (EAR) mar a leanas:

- an Cúlchiste Eorpach um Dhlúthpháirtíocht le méid bliantúil EUR 1 016 milliún (i bpraghsanna 2018, rud a chomhfhreagraíonn do EUR 1 144.2 milliún i bpraghsanna 2024) le haghaidh cúnaimh chun freagairt do chásanna éigeandála a chumhdaítear le Ciste Dhlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE);
- an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála le méid bliantúil EUR 508 milliún (i bpraghsanna 2018, rud a chomhfhreagraíonn do EUR 572,1 i bpraghsanna 2024) le haghaidh mearfhreagairtí ar riachtanais éigeandála shonracha laistigh den Aontas nó i dtríú tíortha.

Chun na hathruithe sin a léiriú, scríosfar na 4 fholíne atá ann faoi láthair faoi líne 30 04 01 mar a leanas:

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
<i>Roinn III – An Coimisiún</i>			
30 04 01 01	Inmheánach (gan CDAE a áireamh)	-152 031 938	-152 031 938
30 04 01 02	CDAE	-456 773 125	-456 773 125
30 04 01 03	Seachtrach	-354 741 188	-354 741 188
30 04 01 04	Cúlchiste ag deireadh na Bliana (25 %)	-337 848 750	-337 848 750
Iomlán		-1 301 395 001	-1 301 395 001

Roinnfear líne 30 04 01 atá ann faoi láthair ina dhá líne a chomhfhreagraíonn don dá ionstraim nua le leibhéal comhfhreagrach na méideanna bliantúla leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, mar a leanas:

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
<i>Roinn III – An Coimisiún</i>			
30 04 01 01	An Cúlchiste Eorpach um Dhlúthpháirtíocht	1 094 181 018	1 094 181 018
30 04 01 02	Cúlchiste le haghaidh Cúnaimh Éigeandála	572 090 509	572 090 509
Iomlán		1 666 271 527	1 666 271 527

I gcomhréir le hAirteagal 4a (4) de Rialachán (CE) 2012/2002 ón gComhairle¹⁰, rinneadh méid leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí EUR 50.0 milliún a shlógadh cheana féin i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ón gCúlchiste Eorpach um Dhlúthpháirtíocht agus a iontráladh i mbuiséad 2024 do CDAE faoi airteagal buiséid 16 02 01, chun a áirithiú go mbeidh acmhainní buiséadacha leordhóthanacha ar fáil go tráthúil le haghaidh réamhíocaíochtaí CDAE.

Leagtar amach na nótaí tráchta buiséid comhfhreagracha san iarscríbhinn bhuiséadach.

2.4 SAORÁID ATHCHÓIRITHE AGUS FÁIS DO NA BALCÁIN THIAR

Áirítear san athscrúdú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil an leithdháileadh breise do na Balcáin Thiar, rud a chuirfear chun feidhme tríd an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis nua do na Balcáin Thiar. Feidhmeoidh an Ionstraim nua mar chuid lárnach den Phlean Fáis do na Balcáin Thiar tríd an gCúnamh Airgeadais a mhéadú go mór bunaithe ar chlár oibre athchóiriúcháin uailmhianach lena ndíreofar ar athchóirithe socheacnamaíocha riachtanacha mar aon le hathchóirithe bunúsacha, lena n-áirítear an smacht reachta agus infheistíochtaí spriocdhírithé.

Dá bhrí sin, tá molta ag an gCoimisiún na coigeartuithe is gá a dhéanamh ar an ainmníocht bhuiséadach, ar bharúlacha buiséadacha agus ar an leibhéal leithreasuithe sa DBL 1 seo. Áirítear leis sin trí líne buiséid nua a chruthú a leagtar amach na barúlacha comhfhreagracha buiséid ina leith san iarscríbhinn bhuiséadach. Ina theannta sin, tá sé beartaithe suim EUR 501 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus 23.9 milliún faoi chomhair íocaíochtaí, i gcomhréir leis an ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar¹¹. Chomh maith leis sin, úsáidfear méid EUR 7.5 milliún freisin atá beartaithe le haghaidh caiteachas tacaíochta teicniúla agus riaracháin chun pearsanra seachtrach a mhaoiniú. Cuirfear na méideanna i gcúlchiste go dtí go nglacfar an bunús dlí.

EUR

Líne buiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
<i>Roinn III – An Coimisiún</i>			
15 01 02	Caiteachas tacaíochta don tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar	p.m.	p.m.
15 03 01	An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar – Caiteachas oibríochtúil	p.m.	p.m.
15 03 02	An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar – Soláthar don Chiste don Soláthar Coiteann	p.m.	p.m.
30 02 01	Leithreasuithe neamhdhifreáláilte (Cúlchiste i gcomhair airteagal buiséid 15 01 02)	7 450 000	7 450 000
30 02 02	Leithreasuithe difreálte (Cúlchiste le haghaidh airteagal buiséid 15 03 01)	403 550 000	p.m.
30 02 02	Leithreasuithe difreálte (Cúlchiste le haghaidh airteagal buiséid 15 03 02)	90 000 000	16 443 000
Iomlán		501 000 000	23 893 000

2.5 AN CISTE EORPACH UM CHOIGEARTÚ DON DOMHANDÚ

Leis an athscrúdú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, déantar foráil maidir le laghdú ar leithdháileadh bliantúil CED le haghaidh na tréimhse 2024-27, rud nach sáróidh uasmhéid EUR 30 milliún (i

¹⁰ Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dhlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 (IO L 99, 31.3.2020, lch. 9).

¹¹ COM(2023) 692 final

bpraghsanna 2018, rud a chomhfhreagraíonn do EUR 33.8 milliún i bpraghsanna 2024). Dá bhrí sin, moltar laghdú EUR 175.7 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in 2024.

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
<i>Roinn III – An Coimisiún</i>			
30 04 02	Cúlchiste le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibríthe Iomarcacha (CED)	-175 681 337	p.m.
Iomlán		-175 681 337	p.m.

3. Coigeartuithe a eascraíonn as an gcomhaontú polaitiúil maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga (Oifig IS)

An chéad togra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga (IS)¹², bunaíodh é go hiomlán ar chur chun feidhme náisiúnta, agus ní raibh ach ról comhordúcháin íosta ann ar an leibhéal Eorpach. Dá réir sin, áiríodh ann meastachán foirne ar 10 n-oifigeach agus foireann shealadach ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear foireann an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) mar rialaitheoir sonraí le haghaidh na bhfeidhmchlár IS uile arna seoladh ag na hinstiúidí Eorpacha.

Mar sin féin, an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air i mí na Nollag 2023 maidir le bunú Oifig na hIntleachta Saorga, tá sé bunaithe ar shásra comhordúcháin Eorpach atá go hiomlán difriúil, ina bhfuil sraith i bhfad níos mó de chúraimí agus freagrachtaí. Dá bhrí sin, tá gá le méadú mór ar an líon foirne chun go mbeidh siad in ann na cúraimí sin a chur i gcrích go héifeachtach. Na costais mhéadaithe don tionscnamh chun costais phearsanra sheachtraigh agus TF a mhaoiniú, ní mór iad a mhaoiniú ón gClár don Eoraip Dhigiteach, agus déanfar na poist don phlean buanbhunaíochta a ath-implonú laistigh den Choimisiún agus a mhaoiniú faoi cheann-teideal 7.

An 9 Eanáir 2024, tharchuir an Coimisiún Ráiteas Airgeadais Reachtach athbhreithnithe chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, ráiteas ina leagtar amach tionchar buiséadach na samhla rialachais nua lena gcumhdaítear an tréimhse 2024-2027.

A mhéid a bhaineann le soláthar foirne, bhí an Coimisiún go hiomlán réidh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais foirne tosaigh, arbh é a bhí ann suas le deich bpost faoin tsamhail rialachais a moladh i dtosach trí acmhainní a ath-leithdháileadh agus iad a chur in ord tosaíochta an athuir laistigh de den instiúid, i gcomhréir leis an mbeartas foirne cobhsaí atá curtha chun feidhme ag an gCoimisiún ó thús an CAI reatha. Mar sin féin, faoi lánseol, beidh gá le 100 ball foirne chun cur chun feidhme na samhla láraithe a comhaontaíodh a áirithiú, lena n-áirítear 20 post agus 80 ball foirne seachtrach ó 2025 ar aghaidh. Chomh maith leis sin, ós rud é gur chomhlíon an Coimisiún riachtanais réimsí tosaíochta eile laistigh dá bheartas foirne cobhsaí le blianta beaga anuas, ní féidir líon foirne chomh mór sin a aimsiú trí ath-implonú, gan gníomhaíochtaí criticiúla leanúnacha eile a chur i mbaol. Sin é an fáth a d'eisigh an Coimisiún ráiteas aontaobhach maidir le maoiniú acmhainní daonna le haghaidh an Ghnímh um an Intleacht Shaorga i mí na Nollag 2023:

Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil athrú mór tagtha ar an gcomhaontú deiridh ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga). Tá sé i bhfad níos fairsinge ná an togra tosaigh ón gCoimisiún, rud a chuireann go leor cúraimí breise agus ról forfheidhmiúcháin breise ar Oifig na hIntleachta Saorga. Mar thoradh air sin, tá i bhfad níos mó foirne agus acmhainní ag teastáil, i gcomparáid leis an gcainníochtú tosaigh a rinneadh sa ráiteas

¹² COM(2021) 206 final

airgeadais reachtach a bhí ag gabháil leis an togra bunaidh, a bhí bunaithe ar chur chun feidhme náisiúnta, nach raibh ach ról comhordúcháin íosta aige ar an leibhéal Eorpach.

Mar thoradh ar na hacmhainní daonna breise de chuid an Choimisiúin a cheanglaítear leis an gcomhaontú críochnaitheach a d'fhormhuinigh na comhreachtóirí, ní bheidh an Coimisiún in ann an prionsabal foirne cobhsaí a urramú, agus beidh acmhainní breise de dhíth ar an gCoimisiún, ar acmhainní iad a bheidh le húdarú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle le linn an nós imeachta buiséadach bliantúil in éineacht leis na leithreasuithe buiséadacha gaolmhara.

Gan aon acmhainn bhreise, ní féidir teacht ar na roghanna chun na costais riaracháin is gá a mhaoiniú le haghaidh fhoireann Oifig na hIntleachta Saorga. Is ar an bprionsabal foirne cobhsaí a bunaíodh 'Ceannteideal 7 - Riarachán Poiblí Eorpach' de chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, agus níl aon lamháil ann chun oifigigh bhreise agus foireann sheachtrach a mhaoiniú. Déanfaidh an Coimisiún na hoifigigh is gá don tionscnamh seo a ath-implonú go hinmheánach. Mar sin féin, le haghaidh na foirne breise atá ag teastáil, úsáidfear an líne bhuiséid nua a chruthófar faoin gClár don Eoraip Dhigiteach chun iad a mhaoiniú thar theorainn phrionsabal na foirne cobhsaí.

Sa chomhthéacs sin, tá molta ag an gCoimisiún in DBL 1 na barúlacha buiséid maidir leis an gcaiteachas don Chlár don Eoraip Dhigiteach a choigeartú chun gur féidir foireann a earcú agus iad a íoc ón líne bhuiséid chomhfhreagrach (02 01 30 01 Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Eoraip Dhigiteach).

Leagtar amach na hathruithe comhfhreagracha san iarscríbhinn bhuiséadach.

4. MAOINIÚ

Ar an iomlán, is é méadú EUR 5 833.7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus EUR 4 143.6 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí tionchar glan DBL 1 ar chaiteachas.

5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTÉIDEAL CAI

In EUR

	Buiséad 2024		Dréachtbuiséad Leasaitheach 1/2024		Buiséad 2024 (lena n-áirítear DBL 1/2024)	
	Ball Foirne ar Conradh	PA	Ball Foirne ar Conradh	PA	Ball Foirne ar Conradh	PA
1 An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	21 493 372 990	20 827 967 003			21 493 372 990	20 827 967 003
<i>lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbhachta</i>						
<i>Uasteorainn</i>	21 598 000 000				21 598 000 000	
<i>Corrlach</i>	104 627 013				104 627 013	
2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	74 560 690 949	33 715 996 204			74 560 690 949	33 715 996 204
<i>lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbhachta</i>	1 289 495 333				1 289 495 333	
<i>Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)</i>						
<i>Uasteorainn</i>	73 289 000 000				73 289 000 000	
<i>Corrlach</i>	17 804 384				17 804 384	
2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	64 665 195 616	24 155 654 152			64 665 195 616	24 155 654 152
<i>lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbhachta</i>						
<i>Uasteorainn</i>	64 683 000 000				64 683 000 000	
<i>Corrlach</i>	17 804 384				17 804 384	
2b. Athléimneacht agus luachanna	9 895 495 333	9 560 342 052			9 895 495 333	9 560 342 052
<i>lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbhachta</i>	1 289 495 333				1 289 495 333	
<i>Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)</i>						
<i>Uasteorainn</i>	8 606 000 000				8 606 000 000	
<i>Corrlach</i>						
3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	57 338 630 839	54 151 402 941			57 338 630 839	54 151 402 941
<i>lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbhachta</i>						
<i>Uasteorainn</i>	57 449 000 000				57 449 000 000	
<i>Corrlach</i>	110 369 161				110 369 161	
Lena n-áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus iocaíochtaí díreacha	40 517 278 000	40 505 482 213			40 517 278 000	40 505 482 213
<i>Fo- uasteorainn CERT</i>	41 649 000 000				41 649 000 000	
<i>An difríocht slánaithe fágtha as an áireamh chun an fochorrlach a ríomh</i>	722 000				722 000	
<i>Glanaisrithe idir CERT agus CETFT</i>	-1 046 000 000				-1 046 000 000	
<i>An t- iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (fo- uasteorainn arna ceartú le haistriú idir CERT agus CETFT)</i>	40 603 000 000				40 603 000 000	
<i>Fochorrlach CERT</i>	85 722 000				85 722 000	
4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	3 892 705 671	3 248 967 443			3 892 705 671	3 248 967 443
<i>lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbhachta</i>						

	<i>Uasteorainn</i>	4 020 000 000				4 020 000 000	
	<i>Corrlach</i>	127 294 329				127 294 329	
5	Slándáil agus Cosaint	2 321 177 926	2 035 413 531	376 000 000		2 697 177 926	2 035 413 531
	<i>lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbhachta</i>	317 177 926				317 177 926	
	<i>Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)</i>						
	<i>Uasteorainn</i>	2 004 000 000		376 000 000		2 380 000 000	
	<i>Corrlach</i>						
6	An Chomharsanacht agus an Domhan	16 230 000 000	15 291 157 313	501 000 000	23 893 000	16 731 000 000	15 315 050 313
	<i>lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbhachta</i>	28 828 204				28 828 204	
	<i>Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)</i>	371 171 796				371 171 796	
	<i>Uasteorainn</i>	15 830 000 000		501 000 000		16 331 000 000	
	<i>Corrlach</i>						
7	An Riarachán Poiblí Eorpach	11 988 000 603	11 988 000 603			11 988 000 603	11 988 000 603
	<i>lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbhachta</i>						
	<i>Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)</i>	215 000 603				215 000 603	
	<i>Uasteorainn</i>	11 773 000 000				11 773 000 000	
	<i>Corrlach</i>						
	ar a bhfuil: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	9 175 375 841	9 175 375 841			9 175 375 841	9 175 375 841
	<i>Fo-uasteorainn</i>	9 006 000 000				9 006 000 000	
	<i>Fochorrlach</i>						
	Leithreasuithe le haghaidh ceanteideal	187 824 578 975	141 258 905 038	877 000 000	23 893 000	188 701 578 975	141 282 798 038
	<i>Uasteorainn</i>	185 963 000 000	170 543 000 000	877 000 000		186 840 000 000	170 543 000 000
	<i>lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbhachta</i>	1 635 501 463	1 734 392 297			1 635 501 463	1 734 392 297
	<i>Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)</i>	586 172 399				586 172 399	
	<i>Corrlach</i>	360 094 887	31 018 487 259		-23 893 000	360 094 887	30 994 594 259
	Ionstraimí speisialta téamacha	1 560 861 211	1 371 395 001	4 956 739 221	4 119 681 558	6 517 600 432	5 491 076 559
	Iomlán na leithreasuithe	189 385 440 186	142 630 300 039	5 833 739 221	4 143 574 558	195 219 179 407	146 773 874 597